Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Nollaig 2019**
**(OR. fr)**

**14462/19**

**COAFR 234**
**RELEX 1112**
**COHOM 129**
**COHAFA 106**
**CFSP/PESC 930**
**DEVGEN 230**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Poblacht Dhaonlathach an Chongó<br>- Conclúidí ón gComhairle (9 Nollaig 2019) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó, a glacadh ag an 3738ú cruinniú de chuid na Comhairle ar an 9 Nollaig 2019.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Poblacht Dhaonlathach an Chongó**

1. A bhuí leis na toghcháin a bhí i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó le gairid, aistríodh an chumhacht ar bhealach síochánta den chéad uair riamh sa tír, rud a chruthaíonn deis don chobhsaíocht agus don fhorbairt inbhuanaithe chuimsitheach sa tír agus sa réigiún ina iomláine. Lena vóta, chuir muintir an Chongó in iúl go soiléir go dteastaíonn athrú uathu. Ní mór a n-ionchais dhlisteanacha a urramú.

2. Chuir Uachtarán na Poblachta, Félix-Antoine Tshisekedi Tshilombo, in iúl go soiléir gur mian leis go dtacóidh agus go gcabhróidh an tAontas Eorpach le Poblacht Dhaonlathach an Chongó. Leanfaidh an tAontas de bheith mar chomhpháirtí agus idirghabhálaí ag Poblacht Dhaonlathach an Chongó agus meabhraítear nár stop sé riamh de thacaíocht a thabhairt do mhuintir an Chongó. Trí idirphlé polaitiúil oscailte neamhbhalbh a dhéanamh le húdaráis an Chongó, le hionadaithe na sochaí sibhialta agus leis na gníomhaithe polaitiúla, beifear in ann na gealltanais chómhalartacha lena dtreorófar a ghníomhaíocht chun tacú leis an gclár um athchóiriú a shainiú, le chéile. Is ar an mbonn sin a bheidh an tAontas in ann cabhrú le Poblacht Dhaonlathach an Chongó. Déanfaidh an tAontas forbairt na comhpháirtíochta sin a mheas ar bhonn rialta.

3. Is díol sásaimh don Aontas na chéad bhearta a glacadh chun an teannas polaitiúil a mhaolú agus chun an spás daonlathach a oscailt agus molann sí d'údaráis an Chongó leanúint dá n-iarrachtaí, cé go bhfuil dúshláin mhóra fós ann. Tugann an tAontas dá aire na gealltanais atá tugtha ag an Uachtarán maidir le téarnamh náisiúnta a bheidh bunaithe ar urraim don smacht reachta, ar chur chun cinn agus ar chosaint chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha, lena n-áirítear comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní, an comhrac i gcoinne na saoirse ó phionós agus na héillitheachta agus feabhas a chur ar an staid slándála. Leanfaidh an tAontas d'fhaireachán a dhéanamh ar an gcás agus tá sé réidh chun tacú le hathchóirithe institiúideacha sna réimsí sin. Caithfear freagairt bhreithiúnach iomchuí a thabhairt ar líon na sáruithe atá á ndéanamh ar chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, líon atá ard i gcónaí, agus ar an bhforéigean, foréigean gnéasach san áireamh.

4. Ghlac an rialtas, faoi stiúir an Phríomh-Aire Sylvestre Ilunga Ilunkamba, gealltanais an Uachtaráin Tshisekedi chuige féin, agus is cuid de phlean uaillmhianach athchóirithe iad anois. Tá dúshláin mhóra fós os comhair na n-údarás, áfach, ó thaobh rialachas, go háirithe an éillitheacht, an sciúradh airgid, sárú ar chearta maoine agus mí-úsáid na gcistí poiblí a bheith ann i gcónaí agus tionchar acu sin ar shlógadh na n-acmhainní a bhfuil gá leo chun spriocanna forbartha na tíre a bhaint amach. Chabhrófaí an teannas sóisialta, eacnamaíoch agus polaitiúil a mhaolú dá ndéanfaí dul chun cinn sna réimsí sin. A mhéid a bhaineann leis sin, tá an tAontas ullamh chun tacú le húdaráis an Chongó agus molann sé dóibh rannpháirt a thabhairt do na geallsealbhóirí ábhartha uile - lena n-áirítear na páirtithe polaitiúla agus ionadaithe na sochaí sóisialta, mná agus daoine óga, eagraíochtaí reiligiúnacha agus an earnáil phríobháideach - i bhforbairt agus i gcur chun feidhme na n-athchóirithe.

5. D'fhonn an daonlathas a chomhdhlúthú agus an chobhsaíocht a ráthú, agus in oirchill na dtoghchán a bheidh ann amach anseo, iarrann an tAontas go ndéanfaí athchóiriú ar na hinstitiúidí a rathaíonn an daonlathas agus na toghcháin, go háirithe an Chúirt Bhunreachtúil agus an Coimisiún Neamhspleách Náisiúnta um Thoghcháin, mar chuid de phróiseas cuimsitheach inchreidte. Ní mór do na toghcháin a thionólfar amach anseo a bheith trédhearcach agus inchreidte, ionas go gcomhdhlúthófar an chobhsaíocht i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, agus ní mór do gach duine, daoine óga agus mná san áireamh, páirt a ghlacadh iontu.

6. Cuireann an tAontas chun suntais rannchuidiú tábhachtach na sochaí sibhialta leis an saol sóisialta agus polaitiúil i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus an ról ba cheart dó a imirt anois. Leanfaidh an tAontas dá thiomantas i ndáil leis sin.

7. Meabhraítear don Aontas ról lárnach na mban i gcothú na síochána le go bhféadfar teacht as an ngéarchéim, mar a leagtar amach i Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Molann an tAontas d'údaráis an Chongó na gealltanais a thug siad maidir leis an téarnamh náisiúnta a chomhlíonadh trí gach beart a dhéanamh le rannpháirtíocht chothrom na mban - lena n-áirítear íospartaigh foréigin ghnéasaigh agus mná a easáitíodh ina dtír féin - a áirithiú sna hiarrachtaí chun an tsíocháin agus an tslándáil a choinneáil agus a chur chun cinn. Molann an tAontas d'údaráis an Chongó iarracht bhreise a dhéanamh cosc a chur ar fhoréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleachtaí.

8. In oirthear na tíre, go háirithe in Kivus Thuaidh, Kivus Theas agus Ituri, is cúis imní i gcónaí an easpa slándála agus cobhsaíochta, easpa údaráis an stáit i gcríocha áirithe agus an líon ard sáruithe ar chearta an duine atá á ndéanamh ag grúpaí armtha. Caithfidh na húdaráis níos mó a dhéanamh, go háirithe chun na grúpaí armtha a chomhrac. Molann an tAontas d'údaráis an Chongó leanúint, ar bhealach cuimsitheach trédhearcach, de phróisis na dí-armála, an dí-shlógaidh agus an ath-imeasctha agus iad sin á gcur in oiriúint do riachtanais agus don chomhthéacs, seachas gan a bheith ag brath ach ar an réiteach míleata, agus ról tábhachtach a thabhairt don tsochaí shibhialta, do mhná agus do lánpháirtiú socheacnamaíoch an phobail, agus comhar a dhéanamh le Misean Cobhsúcháin Eagraíocht na Náisiún Aontaithe i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (MCENAE) agus leis na tíortha sa réigiún; agus tacóidh an tAontas leo sna hiarrachtaí sin.

9. Is den tábhacht freisin athchóiriú na hearnála slándála, agus ba cheart é sin a dhéanamh ar bhealach cuiditheach, réalaíoch, de réir a chéile, d'fhonn a áirithiú go ndéanfaí nuachóiriú struchtúrach ar earnálacha na bpóilíní, na cosanta agus an cheartais agus go ndéanfaí iad a ghairmiúlú.

10. Tacóidh an tAontas leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag údaráis an Chongó sna réimsí sin ar mhaithe leis an tsíocháin, an tslándáil, an smacht reachta agus filleadh an stáit go gach cearn den tír, agus béim á leagan aige ar a riachtanaí atá sé go nglacfaí fíorúinéireacht ar na hathchóirithe. Beidh ról ríthábhachtach ag córas na Náisiún Aontaithe, go háirithe MONUSCO agus Oifig Chomhpháirteach na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine i ndáil leis an méid sin agus is díol sásaimh don Aontas na hiarrachtaí atá á ndéanamh acu.

11. Iarrann an tAontas ar údaráis an Chongó níos mó a dhéanamh sa chomhrac i gcoinne na saoirse ó phionós chun iad siúd atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine a thabhairt os comhair na cúirte. Ní mór an méid sin a dhéanamh le go gcothófar iontaoibh an phobail an athuair agus go dtacóidh siad leis na húdaráis.

12. Mar a gheall sé i mí na Nollag 2018, d'athbhreithnigh an tAontas na bearta sriantacha a forchuireadh ar dhaoine aonair Congólacha. Chinn an tAontas iad a athbhreithniú, scrúdóidh sé iad an athuair agus tá sé ullamh oiriúnú a dhéanamh orthu agus aird á tabhairt ar a dtarlóidh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.

13. Na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag Uachtarán Tshisekedi chun an comhar réigiúnach a neartú, is teist iad freisin don chobhsaíocht agus don fhorbairt inbhuanaithe. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do Phoblacht Dhaonlathach an Chongó agus dá comharsana chun an comhtháthú réigiúnach a chur chun cinn agus chun na gealltanais chómhalartacha pholaitiúla - amhail na cinn a tugadh cheana i gCreat-Chomhaontú Addis Ababa, 2013, nó i gcreataí réigiúnacha ar nós na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Réigiún na Mór-Lochanna - a chur chun feidhme.

14. Tá cuid de phobal an Chongó thíos go mór fós leis an drochstaid dhaonnúil, ar ábhar mór imní í, agus lena n-áirítear, i measc nithe eile, drochghéarchéim cothaithe agus bia agus an t-easáitiú pobal is mó a chonacthas ar an ilchríoch riamh, é sin ar fad de bharr staid leochaileach na slándála in oirthear na tíre. An bhagairt leanúnach go leathfaidh eipidéimí ar nós Ebola agus an bhruitíneach, cuireann sé sin le leochaileacht na ndaoine a bhfuil cabhair dhaonnúil uathu. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do Phoblacht Dhaonlathach an Chongó i ndáil leis sin, trína ghníomhaíocht dhaonnúil agus tríd an tacaíocht a thugann sé do na córais sláinte. Is díol sásaimh dó, sa mhéid a bhaineann leis sin, a thiomanta atá an tUachtarán agus an rialtas d'aghaidh a thabhairt ar an staid dhaonnúil agus ar na cúiseanna atá léi.

15. Dála na tacaíochta a thugann sé do Chomhpháirtíocht Foraoise Imchuach an Chongó, tá sé ar intinn ag an Aontas leanúint leis an gcomhar agus leis an dlúth-idirphlé le Poblacht Dhaonlathach an Chongó maidir leis an gcomhrac in aghaidh an athraithe aeráide, caomhnú an chomhshaoil agus na bithéagsúlachta chomh maith le bainistiú inbhuanaithe trédhearcach na n-acmhainní nádúrtha, an comhrac i gcoinne a ndúshaothraithe neamhdhleathaigh agus an gháinneáil a dhéantar orthu san áireamh. Leis na dúshláin sin áfach, tugtar deiseanna do phobal an Chongó, go háirithe ó thaobh shlándáil an tsoláthair bia, an gheilleagair ghlais agus chruthú poist.

16. Trí ghealltanais chómhalartacha, tacóidh an tAontas leis na bearta atá déanta ag na húdaráis chun an creat maicreacnamaíoch a neartú agus a bheith rannpháirteach an athuair sa chiste airgeadaíochta idirnáisiúnta, chun feabhas a chur ar bhainistíocht an airgeadais phoiblí, an éillitheacht a chomhrac agus feabhas a chur ar an timpeallacht ghnó, lena n-áirítear an comhrac i gcoinne iomaíocht éagórach agus an fhreagracht shóisialta chorparáideach a chur chun cinn d'fhonn fiontraíocht agus infheistíocht Eorpach a éascú ar bhealach cóir inbhuanaithe, ionas go dtacófar le straitéis an Chongó sa chomhrac i gcoinne na bochtaineachta agus don fhás cuimsitheach inbhuanaithe.

17. Leanfaidh an tAontas ag obair go dlúth leis na Náisiúin Aontaithe, leis an Aontas Afracach agus leis na heagraíochtaí agus na sásraí réigiúnacha lena mbaineann Poblacht Dhaonlathach an Chongó, leis na tíortha sa réigiún agus leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta go léir chun tacú le comhdhlúthú na síochána, na cobhsaíochta agus na forbartha inbhuanaithe cuimsitheach i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.